Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

INVESTOR IN PEOPLE

Ábhar: An Pósadh Ríoga 29 Aibreán 2011

Uimhir Chiorcláin: 2011/05

Dáta Eisiúna: 6 Aibreán 2011

Sprioclucht:

- Príomhoidí agus Boird Ghobharnóirí i ngach scoil dheontaschúnta ;
- Boird Oideachais agus Leabharlann;
- Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil;
- Comhairle Thuaisceart Éireann um Oideachas Comhtháite;
- Comhairle na Gaelscolaíochta;
- Comhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe
- Ceardchumainn Mhúinteoirí; agus
- Cumann na mBord Rialaithe.

Feasacht Ghobharnóirí:
Riachtanach

Stádas an Ábhair:
Comhairle
Doiciméid Ghaolmhara:
Ceann ar bith

Achoimre ar Ábhar:

Tá lá breise saoire á fhógairt sa Chiorclán seo sa scoilbhliain 2010/11 mar chomhartha ar an Phósadh Ríoga.

Doiciméid Chealaithe:

Ceann ar bith

Dáta Éaga:

Ní bhaineann

Fiosrúcháin:

Ba cheart aon fhiosrúchán faoi ábhar an Chiorcláin seo a chur chuig:

Linda Toner
An Fhoireann um Thacaíocht don Churaclam.
An Roinn Oideachais
Teach Rath Giall
Bóthar Bhaile Aodha
BEANNCHAR
BT19 7PR

Suíomh gréasáin DENI:
http://www.deni.gov.uk

Teil: 02891 279936
Facs: 02891 279100
Ríomhphost:
linda.toner@deni.gov.uk

An Pósadh Ríoga – 29 Aibreán 2011

1. Eisíodh an ciorclán seo lena chur in iúl do scoileanna go bhfuil cead ag aon scoil ar mhaith léi a dhéanamh lá breise saoire a ghlacadh sa scoilbhliain 2010/11.

2. Ceadaíodh an tsaoire bhreise mar chomhartha ar an Phósadh Ríoga ar an 29 Aibreán 2011 a tharlóidh i rith tréimhse réamhshocraithe laethanta saoire na Cásca. Is dáta é, mar sin, ar a mbeadh gach scoil druidte cheana féin. Nuair a shocraíonn scoil go ndruidfidh sí don lá breise, pléifear leis an druidim sin mar dhruidim eisceachtúil.

3. Ar an ócáid seo, tá an Roinn ag tabhairt cead roimh ré agus mar sin de, ní gá do scoileanna cead a iarraidh ar an RO. **Ní mór do gach scoil a shocraíonn glacadh leis an lá breise saoire seo, áfach, sonraí faoi dháta molta dhruidim na scoile a chur in iúl dá Bord Oideachais agus Leabharlann roimh ré** (agus ba chóir do Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil a chur in iúl fosta don CCSC)

4. Is faoi údaráis scoileanna na dátaí ar a ndruidfidh na scoileanna a shocrú. I ngeall ar chomh minic agus a bhí na scoileanna druidte sa gheimhreadh seo chuaigh thart, áfach, agus i dtaca leis na scoileanna sin a shocraíonn glacadh leis, tá an Roinn ag dréim le go nglacfaidh scoileanna an lá breise ag deireadh théarma an tsamhraidh le go laghdófar ar an chur isteach ar oideachas na ndaltaí a oiread agus is féidir.

S LAWLOR
An Fhoireann um thacaíocht don Churaclam